

Chun Clárú mar Mhúinteoir Ionaid Páirtaimseartha

Beidh ort an t-eolas seo a leanas a chur isteach ar an bhFoirm agus tú ag Clárú:

1. Ainm, Seoladh, Uimhir Soghluaiste agus seoladh ríomhphoist.
2. Sonraí Clárúcháin na Comhairle Múinteoireachta. Má tá do chlárú ar feitheamh, cuir isteach, le do thoil, nuair is infheidhme ar an bhfoirm.
3. Ábhar 1/Ábhar 2 de réir Chlárú na Comhairle Múinteoireachta. Má tá d'ábhair ag fanacht le clárú, cuir isteach do Ábhair Chéim le do thoil
4. Iarrfar ort sonraí do Cháilíochtaí Céime a Chomhlánú lena n-áirítear Ainm na Céime, an Coláiste/Ollscoil ar fhreastail tú air, An Bhliain a Críochnaigh agus an Toradh.
5. Cáilíocht Oiliúna Múinteoireachta, Coláiste ar Freastalaíodh air, An Bhliain a Críochnaíodh agus An Toradh. Mura bhfuil cáilíocht Oiliúna Múinteoirí agat, cuir é seo ar an bhfoirm le do thoil.
6. Taithí Roimhe seo le Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall. Mura bhfuil aon taithí roimhe seo, roghnaigh Neamhbhainteach ar an bhFoirm.
7. Ceangaltáin: Ní mór duit roinnt comhad a uaslódáil ar an bhFoirm lena n-áirítear CV cothrom le dáta, Do Litir Nochta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána agus dhá Theistiméireacht scríofa
8. Tá Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ina réamhriachtanas chun fostaíocht a thosú le Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall. Ní dhéanfar do shonraí BEO go dtí go mbeidh do Ghrinnfhiosrúchán Garda próiseáilte.
9. Chun do shonraí a chur isteach chuig an Roinn Acmhainní Daonna cliceáil ar **Cuir**
10. Cuirfear an t-eolas a chuirfidh tú ar fáil ar an bhfoirm seo isteach go díreach chuig Foireann Earcaíochta agus Roghnúcháin Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, a dhéanfaidh na sonraí a sheiceáil agus a chomhordú agus a chuirfidh sonraí ar fáil do Bhainisteoirí Líne. Déanfaidh an Bainisteoir Líne teagmháil dhíreach leis an Múinteoir má thagann folúntas d'Ionadaí chun cinn.
11. Cuirfear do shonraí pearsanta ar fáil do Bhainisteoirí líne ábhartha a bhféadfadh Príomhoidí Iar-Bhunoideachais Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, Leas-Phríomhoidí, Oifigigh Oideachais Aosaigh (maidir le Múinteoirí VTOS/PLC) agus/nó Stiúrthóir Scoileanna/Stiúrthóir FET a áireamh mar is cuí.

12. COSAINT SONRAÍ

Déileálfaidh Rannóg Acmhainní Daonna Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall le gach faisnéis lena n-áirítear sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú mar rún, faoi réir fhreagrachtaí Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Is é an príomhchuspóir a éilíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall na sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú, ná d'iarraitas a phróiseáil le bheith san áireamh lena chur san áireamh ar an bPainéal Múinteoirí Ionaid Páirtaimseartha.

Leagann Fógra Príobháideachta Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall amach tuilleadh faisnéise maidir le bailiú do shonraí pearsanta. Leagtar amach i bPolasaí Cosanta Sonraí Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall conas a úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le faisnéis maidir le do chearta mar ábhar sonraí. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar na gréasáin [ANSEO](#).